

## GLAO AR LÉIRITHE SPÉISE LE hAGHAIDH GNÍOMHAIRÍ SEALADACHA

D'ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA FAISNÉISÍOCHTA (DG DIGIT),  
ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN FHUINNIMH (DG ENER),  
OIFIG NA bhFOILSEACHÁN (OP),  
ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN AISTRIÚCHÁIN (DGT),  
ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA LÍONRAÍ CUMARSÁIDE, AN ÁBHAIR  
DHIGITIGH AGUS NA TEICNEOLAÍOCHTA (DG CNECT)  
AGUS EUROSTAT (DG ESTAT)

COM/TA/AD/01/20 RIARTHÓIRÍ (AD 8) AGUS COM/TA/AST/02/20 CÚNTÓIRÍ (AST 4)  
sna réimsí seo a leanas:

1. An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta (AD 8/AST 4)
2. An Ard-Teicneolaíocht: teicneolaíochtaí candamacha (AD 8)
3. Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí (AD 8/ AST 4)
4. An t-ionad oibre digiteach, an t-uathoibriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach (AD 8/ AST 4)
5. Slándáil TFC (AD 8/ AST 4)
6. Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht (AD 8/ AST 4)

*Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo: 6 Feabhra 2020 ar 12.00 (meán lae), am na Bruiséile*

Is é is cuspóir do na próisis roghnúcháin seo painéil a thiomsú óna n-earcóidh Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, atá luaite thuas, gníomhairí sealadacha mar '*riarthóirí*' agus mar '*chúntóirí*' (grúpaí feidhme AD agus AST, faoi seach).

Gach áit a ndéantar tagairt do dhaoine d'inscne ar leith faoi chuimsiú na bpróiseas roghnúcháin seo, glactar leis gur ag tagairt do dhaoine d'aon inscne eile atáthar freisin.

An glao seo agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, is iad creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

### An líon iarrthóirí atá á lorg do gach grád agus réimse

Réimsí	AD 8	AST 4
1. An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta	15	5
2. An Ard-Teicneolaíocht: teicneolaíochtaí candamacha	4	0
3. Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí	40	16
4. An t-ionad oibre digiteach, an t-uathoibriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach	12	9
5. Slándáil TFC	50	13
6. Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht	26	27
<b>Iomlán</b>	147	70

Sna próisis roghnúcháin seo, clúdaítear dhá ghrúpa feidhme (AD agus AST), dhá ghrád (AD 8 agus AST 4) agus roinnt réimsí (11 phróiseas roghnúchán san iomlán). *Laistigh de ghrád, ní féidir iarratas a dhéanamh ach ar aon réimse amháin.* Ní mór duit an rogha a dhéanamh tráth an chláirúcháin ar líne agus *ní fhéadfaidh tú an rogha sin a athrú i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú.*

D'fhéadfadh sé go dtairgfí do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo conradh sealadach de bhun Theideal I, Airteagal 2a) nó 2b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid (atá a athbhreithniú faoi láthair).

Is é 4 bliana fad tosaigh an chonartha i dtaca le gníomhairí sealadacha 2a) agus 2b) agus is féidir é a athnuachan le haghaidh tréimhse bhreise dhá bhliain ar a mhéad.

Maidir le fad iomlán an chonartha, cuirfear san áireamh na forálacha ábhartha atá sa Chinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreáin 2004 maidir le fad uasta tréimhsí chun dul ar iontaoibh baill foirne neamhbhuana (7 mbliana le linn tréimhse 12 bhliain), mar a leasaíodh le Cinneadh C(2013) 9028 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 agus Cinneadh C(2019)2548 final ón gCoimisiún an 5 Aibreáin 2019.

***Na poist a d'fhéadfaí a thairiscint d'iarrthóirí a n-éireoidh leo, is i Lucsamburg a bheidh a bhformhór. Ní bheidh ach beagán post suite sa Bhruiséil.***

Na hiarrthóirí dá dtairgfear conradh, cuirfear iad ar chéim 1 nó céim 2 den ghrád ábhartha nuair a thosóidh siad sa phost, de réir fhad a dtaithí oibre. Is iad seo a leanas buntuarastail mhíosúla mar léiriú tascach, ón 1 Iúil 2019:

Le haghaidh ghrád AD 8:

- Céim 1: €7.072,70
- Céim 2: €7.369,90

Le haghaidh ghrád AST 4:

- Céim 1: €4.315,85
- Céim 2: €4.497,20

Is éard atá i dtuarastal na mball foirne, buntuarastal a bhfuil liúntais shonracha curtha leis, liúntas easaoránachta agus liúntas teaghlaigh san áireamh, i gcás inarb infheidhme. Is féidir na forálacha maidir le ríomh na liúntas sin a léamh i [gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh](#).

## **I - DUALGAIS AN PHOIST**

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo agus a fhostófar, cuideoidh siad le hobair na nArd-Stiúrthóireachtaí atá luaite thuas i gceann amháin de na réimsí sin.

Maidir le **riarthóirí, COM/TA/AD/01/20 (AD 8)**, is féidir ceann amháin nó níos mó de na cúraimí ar an liosta thíos a bheith san áireamh sna feidhmeanna agus dualgais sna réimsí. Glactar leis gur féidir forluí a bheith ann idir na feidhmeanna agus na dualgais a bhaineann leis na próifíilí:

- Beartais TFC a shainiú
- Straitéisí nua TFC nó tosaíochtaí an Choimisiúin sa réimse i gceist a shainiú, a mholadh agus a chur chun feidhme
- Riachtanais ghnó a thiontú ina réitigh TFC
- Cláir agus/nó punanna tionscadal nó seirbhísí TF a bhainistiú
- A bheith rannpháirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme réitigh TFC
- A bheith ag obair le sonraí staitistiúla agus le foinsí olltomsaithe sonraí: eolaíocht sonraí agus anailísíocht, meas sonraí, bailíochtú sonraí, cáilíocht agus scaipeadh sonraí

- Cláir shonracha TFC de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme
- A bheith freagrach as seirbhísí TFC a choinneáil ar bun
- Caidrimh a bhainistiú le páirtithe leasmhara agus le custaiméirí, agus idirghníomhaíocht a dhéanamh le forbróirí TF nó iad a stiúradh
- A bheith rannpháirteach i gcoistí agus i gcruinnithe mar speisialtóir/saineolaí teicniúil
- Nótaí faisnéise, tuarascálacha agus léirithe a ullmhú sa réimse
- Cur síos a dhéanamh ar phróisis sa réimse, feabhas a chur orthu agus iad a thaifeadadh
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha faoi dheontais agus/nó conarthaí

Maidir le **cúntóirí, COM/TA/AD/02/20 (AST 4)**, is féidir ceann amháin nó níos mó de na cúraimí ar an liosta thíos a bheith san áireamh sna feidhmeanna agus dualgais sna réimsí. Glactar leis gur féidir forluí a bheith ann idir na feidhmeanna agus na dualgais a bhaineann leis na próifíilí:

- Tacú le cur chun feidhme tionscadail TF mar seo a leanas:
  - o cuidiú le ceapadh réiteach
  - o sonraíochtaí gnó a dhréachtú
  - o caighdeáin theicniúla agus caighdeáin TF a chur i bhfeidhm sa táirgeadh
  - o cúnaimh a thabhairt i dtaca leis an bpleanáil bhuiséadach/acmhainní
  - o cuidiú le struchtúir mhiondealaithe oibre
  - o sceideal tionscadal a shainiú
  - o monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus é a thuairisciú
  - o obair leantach a dhéanamh ar iarrataí maidir le hathruithe a comhaontaíodh
- Anailís a dhéanamh ar shonraí staitistiúla agus ar fhoinsí olltíomsaithe sonraí agus iad a phróiseáil
- Tacú le foirne agus le grúpaí oibre atá i bhfeighil ar thionscadail TF
- A bheith rannpháirteach i gcoistí agus i gcruinnithe mar speisialtóir teicniúil
- Cuidiú a thabhairt le nótaí faisnéise, tuarascálacha agus léirithe sna réimsí seo
- A bheith rannpháirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme réitigh TFC
- Cuidiú le cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, feabhas a chur air agus é a thaifeadadh sna réimsí seo
- Cuidiú le cur chun feidhme cláir shonracha TFC de chuid an Aontais Eorpaigh
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha faoi dheontais agus/nó conarthaí

[Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN I faoi phríomhdhualgais an phoist i ngach réimse.](#)

## II - NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

*Ar an spriocdháta* atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór d'iarrthóirí GACH CEANN de na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh

### 1) Coinníollacha ginearálta:

- A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh
- Aon oibleagáid i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh

### 2) Coinníollacha sonracha – teangacha:

Foráiltear in Airteagal 12.2(e) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach bhféadfar oifigigh a cheapadh mura gcuire siad fianaise ar fáil go bhfuil eolas cuimsitheach acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus eolas sásúil ar theanga eile de na teangacha sin.

Ní mór, dá bhrí sin, eolas a bheith agat ar **2 cheann ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh**; leibhéal C1 (eolas cuimsitheach) ar a laghad i gceann acu agus leibhéal B2 (eolas sásúil) ar a laghad sa cheann eile.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil thuasluaite a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach i *gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* (<https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>).

Sna próisis roghnúcháin seo, is mar seo a thagraítear do na teangacha:

- Teanga 1: An teanga atá le húsáid sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire
- Teanga 2: An teanga atá le húsáid sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí (*Talent Screener*), san agallamh réimseshonrach agus sa chumarsáid idir EPSO agus na hiarrthóirí a bhfuil iarratas bailí déanta acu.

***An teanga a roghnófar mar theanga 1, is féidir í a roghnú as 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ach ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.***

***Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar theanga 2.***

Ar mhaithe leis an tseirbhís, na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, ní féidir iad a earcú sna réimsí áirithe seo gan eolas sásúil (is é sin leibhéal B2 ar a laghad) a bheith acu ar an mBéarla nó ar an bhFraincis. Siúd is go bhféadfadh eolas ar theangacha eile a bheith ina bhuntáiste is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo bunús a gcuid oibre (cumarsáid inmheánach nó cumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha, dréachtú sonraíochtaí agus tuarascálacha, anailísiú ar tháirgí agus timpeallachtaí TF). Dá bhrí sin, maidir le seirbhísí AS DIGIT, AS ESTAT, OF, DGT, AS CNECT agus AS ENER, tá eolas sásúil ar cheann de na teangacha sin fíor-riachtanach.

Is é an Béarla an teanga is mó úsáid sna cruinnithe agus sa chumarsáid le seirbhísí eile sa Choimisiún agus le páirtithe leasmhara seachtracha, teagmhálacha le hinstiúidí eile an Aontais Eorpaigh san áireamh. Ar bhonn níos ginearálta, is é an Béarla an teanga a úsáidtear go coitianta sa domhan TF agus i ngach ceann de na fóraim agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, is i mBéarla amháin atá gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha ar fáil sna réimsí TF a chlúdaítear sna próisis roghnúcháin seo (go háirithe i dtaca le slándáil TF). Is gá eolas ar an bhFraincis chun críoch na cumarsáide inmheánaí, mar is í an Fhraincis, mar aon leis an mBéarla, an dara teanga is mó úsáid mar theanga 2 sna 6 Ard-Stiúrthóireacht rannpháirteacha.

### ***3) Coinníollacha sonracha – cáilíochtaí agus taithí oibre:***

**Tabhair do d'aire nach nglacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.**

**Le haghaidh COM/TA/AD/01/20 (AD 8)**

– Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile, **4 bliana ar a laghad** agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus **9 mbliana ar a laghad** de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse TFC ar bhain **3 bliana ar a laghad** di leis an réimse a roghnaíodh agus a bhain leis na dualgais a ndéantar cur síos orthu sa ghlaeo seo,

nó

- Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile, **3 bliana ar a laghad**, agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus **10 mbliana ar a laghad** de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse TFC ar bhain **3 bliana ar a laghad** di leis an réimse a roghnaíodh agus a bhain leis na dualgais a ndéantar cur síos orthu sa ghlaeo seo.

#### **Le haghaidh COM/TA/AD/02/20 (AST4)**

- Leibhéal oideachais is comhionann le hoideachas iar-mheánscoile, **2 bhliain ar a laghad** agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus **6 bliana ar a laghad** de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse TFC ar bhain **3 bliana ar a laghad** di leis an réimse a roghnaíodh agus a bhain leis na dualgais a ndéantar cur síos orthu sa ghlaeo seo

nó

- Leibhéal oideachais is comhionann le hoideachas meánscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile, agus **9 mbliana ar a laghad** de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin i réimse TFC ar bhain **3 bliana ar a laghad** di leis an réimse a roghnaíodh agus a bhain leis na dualgais a ndéantar cur síos orthu sa ghlaeo seo.

I gcás an phróisis roghnúcháin thuas, is féidir go bhfuarthas an **taithí oibre** atá ag teastáil i gcuideachtaí príobháideacha, in eagraíochtaí agus/nó i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, in institiúidí agus/nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, in údaráis náisiúnta agus/nó réigiúnacha, sa saol acadúil, in institiúidí taighde, in earnáil na tionsclaíochta, in eagraíochtaí neamhrialtasacha nó le linn féinfhostaíochta agus ní chuirfear san áireamh í ach amháin más rud é:

- gur fíorobair éifeachtach a bhí inti,
- más obair ar íocaíocht a bhí inti,
- go raibh caidreamh íochtaránachta nó soláthar seirbhíse i gceist léi, agus
- go bhfuil sé faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
  - **tréimhsí oiliúna:** más obair ar íocaíocht a bhí inti,
  - **seirbhís mhíleata éigeantach:** is cuma cé acu sular baineadh an dioplóma amach nó ina dhiaidh a rinneadh an tseirbhís mhíleata, agus ní chuirfear san áireamh tréimhse seirbhíse níos faide ná an tréimhse atá leagtha síos i ndlí an Bhallstáit i gceist,
  - **saoire mháithreachais/atharthachta/altramais:** má bhí an tsaoire clúdaithe sa chonradh fostaíochta,
  - **dochtúireacht:** 3 bliana ar a mhéad a chuirfear san áireamh, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht, agus is cuma cé acu obair ar íocaíocht nó obair gan íocaíocht a bhí sa dochtúireacht, agus
  - **obair pháirtaimseartha:** is ar bhonn *pro rata* a ríomhfar obair pháirtaimseartha, ar bhonn an lín uaireanta an chloig a oibríodh, e.g. mheasfaí gur 3 mhí oibre ab ea obair leathama a mhair 6 mhí.

### **III - CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ?**

## 1) Iarratas a dhéanamh

Agus an fhoirm iarratais á líonadh isteach agat iarrfar ort teanga 1 agus teanga 2 a roghnú.. Beidh ort teanga 1 a roghnú as aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus **an Béarla nó an Fhraincis** a roghnú mar theanga 2. Iarrfar ort freisin a dheimhniú freisin go bhfuil tú incháilithe don chomórtas agus eolas breise a thabhairt **a bhaineann leis an réimse a roghnaíodh** (mar shampla: dioplómaí, taithí oibre, agus freagraí ar cheisteanna réimseshonracha (*Talent Screener*)).

Agus an fhoirm iarratais á líonadh isteach agat, beidh tú in ann aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a roghnú, seachas don *Talent Screener*, **rud nach mór a líonadh isteach sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2**, ar na cúiseanna seo a leanas: déanann an coiste roghnúcháin measúnú comparáideach ar na freagraí a thugtar sa *Talent Screener*, úsáideann an coiste roghnúcháin mar dhoiciméad tagartha le linn an agallaimh réimseshonraigh é, agus úsáidtear chun críoch earcaíochta é i gcás iarrthóirí ar éirigh leo. Is chun leas na seirbhíse agus na n-iarrthóirí atá sé, dá bhrí sin, an *Talent Screener* a líonadh isteach i dteanga 2.

**Mura líonann tú isteach an roinn a bhaineann leis an *Talent Screener* i dTeanga 2, dícháileofar thú.**

Tabhair do d'aire go mbeidh an ciste roghnúcháin (le linn an phróisis roghnúcháin) agus seirbhísí acmhainní daonna institiúidí an Choimisiúin Eorpaigh (i gcás earcú iarrthóirí ar éirigh leo) ag rochtain na foirme iarratais ina hiomláine, agus gur líon teoranta teangacha na teangacha cumarsáide atá acu sin.

Má éiríonn an próiseas roghnúcháin leat agus go gcuirfear d'ainm ar an liosta inniúlachta, iarrfar ort aistriúchán ar an bhfoirm iarratais go teanga 2 (Béarla nó Fraincis) a sholáthar do na seirbhísí earcaíochta má líon tú isteach an fhoirm iarratais i dteanga nach ceann de na teangacha sin í.

Is ionann an t-iarratas a bhailíochtú agus a dhearbhú ar d'fhocal go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá luaite sa roinn 'Na coinníollacha incháilitheachta' ***A luaithe a bheidh d'fhoirm iarratais bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athrú eile a dhéanamh uirthi. Fútsa atá sé féachaint chuige go mbeidh an t-iarratas líonta isteach agus bailíochtaithe faoin sprioc-am.***

## 2) Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Má bhailíochtaíonn tú d'iarratas faoin sprioc-am, tabharfar cuireadh duit sraith de thrialacha ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO.

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat, ***ní mór duit coinne a dhéanamh*** chun na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh, de réir na dtreoracha a gheobhaidh tú ó EPSO. Is é is dóichí go dtairgfear roinnt dátaí duit ar a bhféadfaidh tú na trialacha a dhéanamh, agus roinnt ionad ina bhféadfaidh tú iad a dhéanamh. Bíonn ***teorainn*** leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh.

Ag seo leagan amach na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

<b>Triail</b>	<b>Teanga</b>	<b>Ceisteanna</b>	<b>Fad</b>	<b>Pasmharc</b>
Réasúnaíocht bhriathartha	Teanga 1	10 gceist	18 nóiméad	5/10
Réasúnaíocht	Teanga 1	10 gceist	20 nóiméad	5/10

uimhriúil				
Réasúnaíocht theibí	Teanga 1	20 ceist	20 nóiméad	10/20

Ní chuirfear torthaí an scrúdaithe réasúnaíochta briathartha san áireamh i ríomh do mharc ar na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire. Mar sin féin, ní mór pas a ghnóthú i ngach triail le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cead dóibh ar fad dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

Ní chuirfear na torthaí sin leis na torthaí a gheofar sna tástálacha a thiocfaidh ina ndiaidh.

### 3) Seiceálacha incháilitheachta

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos sa roinn ‘Na coinníollacha incháilitheachta’ thuas a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina n-iarratas ar líne. Is é an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích (ÚÚCTC) a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus is é an coiste roghnúcháin a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta sonracha sna ranna Oideachas agus Oiliúint, Taithí Oibre agus Scileanna Teanga den iarratas ar líne, agus na dualgais a luaitear in Iarscríbhinn I á gcur san áireamh.

Déanfar seiceáil incháilitheachta ar iarratais na n-iarrthóirí in ord íslitheach na marcanna foriomlána a ghnóthaigh siad sna trialacha réasúnachta uimhriúla agus sna trialacha réasúnachta teibí, go dtí go sroichfidh an líon iarrthóirí incháilithe **tuairim is 9 n-oiread, nó 10 n-oiread ar a mhéad**, an lín iarrthóirí atá á lorg do gach próiseas roghnúcháin. Ní sheiceálfar na comhaid eile.

### 4) Roghnú ar bhonn cáilíochtaí

Maidir leis na hiarrthóirí a choinnítear tar éis na trialacha agus na seiceálacha incháilitheachta thuas a dhéanamh, déanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí tríd an fhaisnéis a thug siad sa *Talent Screener* san fhoirm iarratais a úsáid. Maidir le gach próiseas roghnúcháin, tabharfaidh an coiste roghnúcháin ualú (ó 1 go dtí 3) do gach **critéar roghnúcháin**, a léiríonn tábhacht an chritéir sin le hais na gcritéar eile agus tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra a thug an t-iarrthóir.

Ansin, iolróidh an coiste roghnúcháin na pointí faoin ualú atá ag gach critéar, agus suimeoidh siad iad lena fháil amach cé na hiarrthóirí is mó atá in oiriúint do dhualgais an phoist.

Is iad na hiarrthóirí a ghnóthaigh na marcanna foriomlána is airde sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí, agus na hiarrthóirí sin amháin, a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

[Tá an liosta critéar in aghaidh na réimse in IARSCRÍBHINN II.](#)

### 5) Agallamh réimseshonrach

Má léiríonn an t-eolas a thug tú i d'iarratas ar líne go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta agus má bhíonn an marc a ghnóthóidh tú sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí ar cheann de na **marcanna foriomlána is airde**, tabharfar cuireadh duit freastal ar agallamh réimseshonrach a déanamh sa teanga a roghnaigh tú mar **theanga 2**. Is é is dóichí gur i **Lucsburg/sa Bhruiséil** a bheidh sé.

**3 oiread ar a mhéad** an lín iarrthóirí atá á lorg don phainéal do gach próiseas roghnúcháin, sin é an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina

ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cead dóibh ar fad dul ar aghaidh go dtí an t-agallamh réimseshonrach.

*Is é is cuspóir don agallamh réimseshonrach* measúnú agus comparáid a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar cháilíochtaí agus ar thaithí oibre na n-iarrthóirí ina réimse roghnaithe mar a leagtar amach sa ghlaeo seo.

*N.B.* Is féidir na hagallaimh a dhéanamh trí fhíschomhdháil. Tabharfar treoracha d'iarrthóirí dá réir.

*As 100 a mharcálfar an t-agallamh réimseshonrach, agus is é 50 an pasmharc.*

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat, is gá duit méaróg USB, agus cóipeanna scanta de do chuid doiciméad tacaíochta sábháilte uirthi, a thabhairt leat go dtí an t-agallamh réimseshonrach a bheidh agat. Déanfaidh muintir EPSO do chuid doiciméad a íoslódáil agus tú ag déanamh an agallaimh agus tabharfaidh siad an mhéaróg USB ar ais duit an lá céanna.

## **6) Liosta inniúlachta**

I ndiaidh dó an tseiceáil a dhéanamh ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar bhonn na faisnéise san iarratas ar líne, tiomsóidh an coiste roghnúcháin *liosta inniúlachta* i ndáil le gach próiseas roghnúcháin - go dtí go sroicfear an líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal - de na hiarrthóirí incháilithe sin a bhfuil na marcanna foriomlána is airde acu tar éis an agallaimh réimseshonraigh. Maidir leis an áit dheireanach ar an liosta, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad go léir ar an liosta. Cuirfear na hainmneacha in ord aibítire.

Cuirfear ar fáil don Choimisiún Eorpach chun críoch earcaíochta agus forbairt gairme sa todhchaí, liostaí inniúlachta na n-iarrthóirí ar éirigh leo. *Ní hionann duine a bheith ar liosta inniúlachta agus aon cheart ar phost ná ráthaíocht a bheith aige go bhfaighidh sé post.*

## **IV - COMHDHEISEANNA AGUS OIRIÚNAITHE SPEISIALTA**

Déanann EPSO a dhícheall a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna ag na hiarrthóirí uile, go gcaitear ar an dóigh chéanna leo agus go bhfuil an rochtain chéanna acu ar a chuid seirbhísí.

Má tá tú faoi mhíchumas nó más rud é go bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil tú bac a chur ort na trialacha a dhéanamh, luaigh sin i d'iarratas agus abair cé na cineálacha socrúithe speisialta atá de dhíth ort.

Má tharlaíonn sé go dtagann míchumas ort nó go dtagann athrú ar an riocht sláinte ina bhfuil tú i ndiaidh duit an t-iarratas a bhailíochtú, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas a luaithe is féidir é ar an dóigh thíosluaite.

Tabhair do d'aire nach mór duit, chun go gcuirfear d'iarratas san áireamh, teastas ó chomhlacht stáit de chuid do Bhallstáit nó teastas dochtúra a thabhairt do EPSO.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil leis foireann inrochtana EPSO:

- trí ríomhphost ([EPSO-accessibility@ec.europa.eu](mailto:EPSO-accessibility@ec.europa.eu));
- facs (+32 22998081) nó
- tríd an bpost: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)



EPSO accessibility  
Avenue de Cortenbergh/Kortenberglaan 25  
1049 Bruxelles/Brussels  
BELGIQUE/BELGIË

Bíodh **EPSO accessibility** luaite go soiléir ar an gcomhfhreagras sin maille le **d'ainm, uimhir an phróisis roghnúcháin** agus **d'uimhir iarratais**.

Scrúdófar na doiciméid tacaíochta de réir an cháis agus i gcás a bhfuil údar maith ann, ar bhonn na fianaise a cuireadh isteach agus ar bhonn an phrionsabail caitheamh go comhionann le gach iarrthóir, is féidir go dtairgfídh EPSO socruithe ar leith a dhéanamh, a mhéid a mheasfar a bheith réasúnta.

## **V. - CATHAIN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS CONAS É A DHÉANAMH?**

Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO <http://jobs.eu-careers.eu> faoin sprioc-am seo:

*6 Feabhra 2020 ar 12.00 (meán lae), am na Bruiséile*

Ní mór an t-iarratas a chur isteach trí do chuntas EPSO tríd an bhfoirm iarratais ar líne, ag leanúint na dtreoracha atá ar shuíomh gréasáin EPSO faoi chéimeanna an phróisis.

Mura bhfuil cuntas EPSO agat, ba cheart duit ceann a chruthú. Tá na treoracha maidir le cuntas a chruthú ar shuíomh gréasáin EPSO [www.eu-careers.eu](http://www.eu-careers.eu).

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat agus is fútsa atá sé féachaint chuige go bhfuil do sheoladh ríomhphoist agus do chuid sonraí pearsanta sa chuntas EPSO bord ar bhord leis an aimsir.

## IARSCRÍBHINN I

### DUALGAIS

#### 1. COM/TA/AD/01/20 (AD 8)

Ar na príomhdualgais *ghinearálta* a bheidh ar iarrthóirí a n-éireoidh leo sa phróiseas roghnúcháin seo, beidh:

— Bainistiú tionscadal: anailísiú, moltaí a dhéanamh, ceapadh, costais a mheas, acmhainní riachtanacha a shainathint agus a fháil, gníomhaíochtaí a sceidealú, obair iardain a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm, bainistiú athruithe agus tuairisciú;

— A bheith rannpháirteach i bhfoirne, iad a chomhordú nó a bheith i gceannasorthu agus iad i bhfeighil gníomhaíochtaí tionscadail nó i bhfeighil seirbhísí TF a sholáthar.

Ar na dualgais *shonracha* a bheidh ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, ach sin ag brath ar an réimse roghnaithe, is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh:

#### ***Réimse 1: An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta***

Ar na príomhdualgais a bheidh le déanamh ag **saineolaithe ar ríomhairí ardfheidhmíochta** beidh na cinn seo a leanas:

- Beartas agus straitéis an Choimisiúin a shainiú agus a chur chun feidhme maidir leis an ríomhaireacht ardfheidhmíochta (HPC)
- An straitéis Eorpach maidir leis an ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur chun feidhme
- Tacú le hoibríochtaí an Choimisiúin i dtaca leis an ngnóthas comhpháirteach EuroHPC
- Deiseanna nuálaíochta agus réimsí nua taighde a shainathint
- An beartas, na gníomhaíochtaí agus an straitéis Eorpach maidir leis an ríomhaireacht ardfheidhmíochta a scaipeadh agus a chur in iúl, agus a bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin leis an earnáil
- Oibríochtaí a chomhordú le haghaidh chur chun feidhme teicniúil thionscadail Ríomhairí Ardfheidhmíochta an Choimisiúin
- Cur chun feidhme oibríochtúil sheirbhísí bonneagair ríomhairí ardfheidhmíochta an Choimisiúin a chomhordú

#### ***Réimse 2: An Ard-Teicneolaíocht: teicneolaíochtaí candamacha***

Ar na príomhdualgais a bheidh le déanamh ag **saineolaithe ar theicneolaíochtaí candamacha** beidh na cinn seo a leanas:

- Beartas agus straitéis an Choimisiúin a shainiú agus a chur chun feidhme maidir le teicneolaíochtaí candamacha
- Tionscnamh suaitheanta na dteicneolaíochtaí candamacha a chur chun feidhme maidir le teicneolaíochtaí na todhchaí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (FET)
- Monatóireacht agus obair iardain a dhéanamh ar thionscadail atá á maoiniú ag tionscnamh suaitheanta na dteicneolaíochtaí candamacha i dtaca le FET
- Deiseanna nuálaíochta agus réimsí nua taighde a shainathint
- Tionscnamh suaitheanta na dteicneolaíochtaí candamacha i dtaca le FET a scaipeadh agus a chur in iúl, agus a bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin leis an earnáil

### ***Réimse 3: Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **saineolaithe ar anailísiú sonraí** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht, anailísiú agus maoirseacht theicniúil riaracháin i réimse na heolaíochta sonraí agus na hanailísiúochta, meas agus bailíochtú sonraí, bainistiú agus bailíochtú sonraí, cáilíocht agus scaipeadh sonraí
- Sainiú próiseas (staitistiúil) a úsáidtear chun críoch meas sonraí, iontrálacha go barúlach agus seiceáil aschuir.
- Samplamhéideanna agus srathú a shainaithint
- Asluitigh a shainaithint agus anailísiú a dhéanamh ar amshraitheanna agus eacnaiméadracht
- Beartais, caighdeáin agus treoirlínte a dhréachtú maidir le sonraí (staitistiúla) a bhailíochtú agus a scaipeadh.
- Cáilíocht sonraí a anailísiú agus a mheas
- Modhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sonraí a phróiseáil agus a léirmhíniú, nithe a bhféadfadh a bheith i gceist leo ardteicnící cainníochta a úsáid chun críoch meastóireachta agus luachála
- Tionscadail TF a bhainistiú (an tsaolré iomlán) agus, ina theannta sin, córais faisnéise a cheapadh agus/nó a fháil, agus doiciméadacht tionscadal a athbhreithniú (modheolaíocht PM<sup>2</sup>) chomh maith le córais faisnéise a choinneáil ar bun

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **saineolaithe ar eolaíocht sonraí** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht sonraí, sainiú chumasc na bhfoinsí sonraí san áireamh, saoráidí stórála sonraí, seirbhísí sonraí, an nós imeachta maidir le bailíochtú, anailísiúocht
- Sonraí, faisnéis agus bainistiú eolais: ceapadh, comhairliúchán agus cur chun feidhme i réimse na n-ointeolaíochtaí, teasárais agus tacsanomaíochtaí ilteangacha, faisnéis struchtúrtha atá bunaithe ar theicneolaíocht XML, sonraí nasctha saor-rochtana (LOD)
- Olltíomsú sonraí, faisnéis neamhstruchtúrtha agus faisnéis struchtúrtha agus bunachair sonraí thagartha a bhainistiú
- Comhtháthú agus nascadh sonraí
- Réitigh a shainaithint agus a chur chun feidhme ar bhonn teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le sonraí, amhail an intleacht shaorga, éirim nua-aimseartha gnó, ard-anailísiúocht
- Modhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sonraí a phróiseáil, a léirmhíniú agus a shintéisiú
- Bearta cosanta sonraí a cheapadh agus a chur chun feidhme
- Bearta slándála sonraí a cheapadh agus a chur chun feidhme
- Straitéisí sonraí a shainaithint agus a chur chun feidhme
- Tionscadail sonraí a bhainistiú (an tsaolré iomlán)
- Bainistiú seirbhísí i dtaca le réitigh sonraí/éiceachórais sonraí
- Réitigh bonneagair sonraí a cheapadh, a chur in úsáid agus a bhainistiú
- Caighdeáin sonraí agus meiteashonraí
- Ard-anailísiú sonraí agus teicnící meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm, an 'domhanfhoghlaim' ar bhonn samhlacha néaracha san áireamh, maidir le meaisínáistriúchán, a bhfuil oiriúnú fearainn san áireamh ann ach gan a bheith teoranta dó
- Foinsí sonraí a fháil agus a bhainistiú, amhail corpais chomhthreomhara, inchomparáide agus aontangacha (sonraí a ransaíodh ón ngréasán san áireamh nó corpais chomhthreomhara shaorga trí ais-aistriúchán)

- Foinsí sonraí a fháil agus a bhainistiú d'fhonn uirlisí feabhsaithe réamhphróiseála agus iarphróiseála a fhorbairt (e.g. anailís mhoirfeolaíoch agus chomhréireach, athordú, athscóráil, measúnú ar cháilíocht)

#### ***Réimse 4: An t-ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh **ag saineolaithe ar an ionad oibre digiteach, ar an uathobriú oifige agus ar an ríomhaireacht mhóibíleach** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht, ceapadh, cur chun feidhme, oibriú, forbairt agus tacaíocht maidir le réitigh/seirbhísí i réimsí amhail uathobriú oifige ina bhfuil táirgí Bogearraí Foinse Oscailte (OSS), an t-ionad oibre digiteach agus an ríomhaireacht mhóibíleach san áireamh
- Na beartais slándála a chur chun feidhme maidir leis na seirbhísí sin mar aon leis an moladh na seirbhísí sin a fhorbairt le go mbeifear in ann iad a chur in oiriúint ar bhonn tráthúil do riachtanais athraitheacha gnó
- Teicneolaíochtaí sonraí úrscothacha a shainaithint chun cuidiú a thabhairt straitéisí nua maidir le sonraí a shainiú
- Gníomhaíochtaí maidir le comhtháthú, cur in úsáid agus ailtireacht a chomhordú agus bonneagair agus réitigh nua a bhainistiú
- Tionscadail TF a bhainistiú (an tsaolré iomlán) agus, ina theannta sin, córais faisnéise a cheapadh agus/nó a fháil, agus doiciméadacht tionscadal a athbhreithniú (modheolaíocht PM<sup>2</sup>) chomh maith le córais faisnéise a choinneáil ar bun
- Cláir a bhainistiú i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha na seirbhíse
- Punainn tionscadal a bhainistiú
- Cothabháil (cheartaitheach, leigheasach, athraitheach, choisctheach) na gcóras faisnéise a chur chun feidhme

#### ***Réimse 5: Slándáil TFC***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh **ag saineolaithe ar shlándáil TFC** beidh na cinn seo a leanas:

- Beartais agus caighdeáin slándála TF a dhréachtú
- Seirbhísí CERT a sholáthar: ceapadh, anailísiú agus maoirseacht theicniúil agus riaracháin a dhéanamh i réimse slándála, tacaíochta agus bonneagair TFC
- Creata slándála TF a athbhreithniú agus tacú le feabhas a chur ar phróisis slándála TF
- Ceapadh ailtireachta na rialuithe slándála atá curtha in oiriúint don leibhéal measta riosca agus iad a anailísiú, an dréachtú teicniúil agus dlíthiúil a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme.
- Sainaithint, measúnú agus comhtháthú táirgí slándála, forbairt agus feabhsú uirlisí slándála sonracha san áireamh
- Tacú le foirne tionscadal measúnú slándála a dhéanamh go tráthrialta, mar aon le tástáil slándála, bainistiú laigí, monatóireacht ar imeachtaí slándála agus freagairt do theagmhais
- Iniúchtaí slándála TF agus imscrúduithe ar theagmhais a dhéanamh
- Beartha ardaithe feasachta i dtaobh na cibearshlándála a mholadh
- Oibríochtaí cibearshlándála a dhéanamh: monatóireacht agus brath, freagairt do theagmhais, bagairtí a lorg, dearbhú slándála, innealtóireacht oibríochtaí slándála
- Tionscadail TF a bhainistiú (an tsaolré iomlán) agus, ina theannta sin, córais faisnéise a cheapadh agus/nó a fháil, agus doiciméadacht tionscadal a athbhreithniú (modheolaíocht PM<sup>2</sup>) chomh maith le córais faisnéise a choinneáil ar bun. Cúnamh agus comhairliúchán a

thabhairt i réimsí na gcóras aitheantais agus bainistithe rochtana agus an tsínithe leictreonaigh

- A bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre feidhmiúla agus teicniúla, moltaí teicniúla a athbhreithniú chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar caighdeán slándála agus deachleachtais a chomhlíonadh.

### ***Réimse 6: Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **saineolaithe ar bhonneagar TF** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht, cur chun feidhme, oibríocht agus bainistiú réiteach/seirbhísí i réimsí a bhaineann le bonneagar fiontar TFC agus ionaid sonraí chorparáideacha. Go háirithe, comhtháthú agus bainistiú comhpháirteanna fisiceacha agus fóirúla (córais oibriúcháin, freastalaithe, córais stórála, bunachair sonraí, freastalaithe feidhmchlár, líonra), seirbhísí (cianrochtain, rochtain ar an idirlíon, cumarsáid ghutha/sonraí, seirbhísí móibíleacha, slándáil, líonraí achar fairsinge) agus seirbhísí agus teicneolaíochtaí néalríomhaireachta príobháideacha agus poiblí.
- Gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhainistiú agus a chomhordú trí bhíthin conarthaí seirbhíse bainistithe laistigh d'fhearainn theicneolaíoch a fhaightear go hiondúil i réimsí a bhaineann le bonneagair fiontar TFC agus in ionaid sonraí chorparáideacha
- Catalóga gnó agus seirbhísí teicniúla a ullmhú agus féachaint i ndiaidh na gcatalóg sin
- Beartais slándála i réimse na faisnéise fiontar agus creata leanúnachais ghnó a cheapadh agus a chur chun feidhme do sheirbhísí bonneagair TF
- TF a bhainistiú (an tsaolré iomlán) agus, ina theannta sin, córais faisnéise a cheapadh agus/nó a fháil, agus doiciméadacht tionscadal a athbhreithniú (modheolaíocht PM<sup>2</sup> ) chomh maith le córais faisnéise a choinneáil ar bun

## **2. COM/TA/AST/02/20 (AST 4)**

Ar na príomhdhualgais **ghinearálta** a bheidh ar iarrthóirí a n-éireoidh leo sa phróiseas roghnúcháin seo, beidh:

— Bainistiú tionscadal: cúnamh a thabhairt i dtaca le hanailísiú, moltaí a dhéanamh, ceapadh, costais a mheas, acmhainní riachtanacha a shainaithint agus a fháil, gníomhaíochtaí a sceidealú, obair iardain a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, bainistiú athruithe agus tuairisciú;

— Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí tionscadal.

Ar na dualgais **shonracha** a bheidh ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, ach sin ag brath ar an réimse roghnaithe, is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh:

### ***Réimse 1: An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfeidhmíochta***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **cúntóirí i réimse na ríomhaireachta ardfeidhmíochta** beidh na cinn seo a leanas:

- Cúnamh a thabhairt chun cásanna úsáide a shainaithint a d'oirfeadh do ríomhairí ardfeidhmíochta sa Choimisiún
- Tacú le cur chun feidhme cásanna úsáide ríomhairí ardfeidhmíochta sa Choimisiún

- Cur chun feidhme oibríochtúil seirbhísí bonneagair, san áitreabh nó sa néal, chun tacú le ríomhairí ardfheidhmíochta
- Tacú leis an measúnú indéantachta agus deiseanna le haghaidh tionscadail ríomhairí ardfheidhmíochta sa Choimisiún
- Tacú le hoibríochtaí ríomhairí ardfheidhmíochta an Choimisiúin: anailísiú oibríochtúil a dhéanamh ar iarrataí sonracha; ullmhúchán teicniúil sonraí; meastóireacht a dhéanamh agus na hacmhainní ríomhaireachta is gá a shannadh a ghabhann le hiarrataí sonracha seirbhísí; seisiúin/úsáid ríomhairí ardfheidhmíochta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu; an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní ríomhaireachta is gá le chéile; gnéithe a bhaineann le slándáil a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu; tuairisciú maidir le ríomhairí ardfheidhmíochta agus scáileáin eolais a fhorbairt; Deasc chabhrach a oibriú agus fadhbanna oibríochtúla a réiteach maidir le ríomhairí ardfheidhmíochta; Monatóireacht a dhéanamh ar chostais ríomhairí ardfheidhmíochta.
- Tacú le hoptamú oibríochtúil réitigh na ríomhairí ardfheidhmíochta: optamú tionscadal; optamú acmhainní; optamú córas; Comhordú teicniúil a dhéanamh idir ríomhairí ardfheidhmíochta agus bonneagair TF (ardáin sonraí, córais líonraí, córais faisnéise)
- Tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide agus oiliúna maidir le ríomhairí ardfheidhmíochta

### ***Réimse 3: Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **anailísithe cúnta sonraí** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht sonraí, anailísiú sonraí agus maoirseacht theicniúil riaracháin a chur i ngníomh i réimse na hanailísiúchá sonraí, intleacht shaorga, éirim gnó, ard-anailísiú, meas agus bailíochtú sonraí, bainistiú sonraí, cáilíocht agus scaipeadh sonraí
- Próiseas (staitistiúil) a chur chun feidhme chun críoch meas sonraí, iontrálacha go barúlach agus seiceáil aschuir
- Samplamhéideanna agus srathú a shainathint ar bhonn oibríochtúil
- Asluitigh a shainathint agus anailísiú a dhéanamh ar amshraitheanna agus eacnaiméadracht
- Tacaíocht a thabhairt le dréachtú oibríochtúil beartas, caighdeán agus treoirínite maidir le sonraí (staitistiúla) a bhailíochtú agus a scaipeadh.
- Cáilíocht sonraí a anailísiú agus a mheas
- Modhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun sonraí a phróiseáil agus a léirmhíniú, níthe a bhféadfadh a bheith i gceist leo ardeicnící cainníochta a úsáid chun críoch meastóireachta agus luachála
- Tionscadail forbartha TF/sonraí a bhainistiú (an tsaolré iomlán)

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **eolaithe cúnta sonraí** beidh na cinn seo a leanas:

- Ailtireacht sonraí a chur chun feidhme, agus cumasc na bhfoinsí sonraí san áireamh, saoráidí stórála sonraí, seirbhísí sonraí, an nós imeachta maidir le bailíochtú sonraí, anailísiú
- Tacaíocht bainistithe sonraí, faisnéise agus eolais: ceapadh, comhairliúchán agus cur chun feidhme i réimse na n-ointeolaíochtaí, teasárais agus tacsanomaíochtaí ilteangacha, faisnéis struchtúrtha atá bunaithe ar theicneolaíocht XML, sonraí nasctha saor-rochtana (LOD)
- Comhtháthú agus nascadh oibríochtúil sonraí

- Cuidiú a thabhairt réitigh a shainithint agus a chur chun feidhme ar bhonn teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le sonraí, amhail an intleacht shaorga, éirim nua-aimseartha gnó, ard-anailísíocht
- Modhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a chur chun feidhme chun sonraí a phróiseáil, a léirmhíniú agus a shintéisiú
- Bearta cosanta sonraí a chur chun feidhme
- Bearta slándála sonraí a chur chun feidhme
- Straitéisí sonraí a chur chun feidhme
- Tacaíocht theicniúil a thabhairt do thionscadail TF a bhaineann le bainistiú sonraí (an tsaolré iomlán)
- Ard-anailísíú sonraí agus teicnící meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm, an 'domhanfhoghlaim' ar bhonn samhlacha néaracha san áireamh, maidir le meaisínáistriúchán, a bhfuil oiriúnú fearainn san áireamh ann ach gan a bheith teoranta dó
- Foinsí sonraí a fháil agus a bhainistiú, amhail corpais chomhthreomhara, inchomparáide agus aonteangacha (sonraí a ransaíodh ón ngréasán san áireamh nó corpais chomhthreomhara shaorga trí ais-aistriúchán)
- Foinsí sonraí a fháil agus a bhainistiú d'fhonn uirlisí feabhsaithe réamhphróiseála agus iarphróiseála a fhorbairt (e.g. anailís mhoirfeolaíoch agus chomhréireach, athordú, athscóráil, measúnú ar cháilíocht)

#### ***Réimse 4: An t-ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag cúntóirí i réimse an **ionaid oibre dhigitigh, an uathobrithe oifige agus na ríomhaireachta móibíl** beidh na cinn seo a leanas:

- Riarachán na seirbhísí tacaíochta TF a chinntiú maidir leis an ionad oibre digiteach (cur chun feidhme, oibriú, feabhas a chur air agus tionscadail), go háirithe:
  - o Cúnamh a thabhairt do Bhainisteoir Seirbhíse an ionaid oibre dhigitigh agus don ordlathas i dtaca le clársceidealú, eagrúchán, tosaíochtaí a dhéanamh agus tuairisciú maidir le feidhmiú ceart fhoireann na deisce seirbhíse, agus comhordú na foirne atá i bhfeighil na bpróiseas ríthábhachtach ITIL seo a leanas san áireamh: bainistiú teagmhas, monatóireacht agus imeachtaí a láimhseáil, iarrataí a chomhlíonadh
  - o Gníomhaíochtaí na deisce seirbhíse a chomhordú agus maoirseacht a dhéanamh orthu i gcomhréir le dhá líne bainistithe próiseas agus le hionaid inniúlachtaí teicniúla, i gcomhthéacs seirbhís an ionaid oibre dhigitigh. Is í an deasc seirbhíse atá freagrach as na gníomhaíochtaí ríthábhachtacha seo a leanas: An deasc seirbhíse le haghaidh teagmháil le custaiméirí a láimhseáil, bainistiú teagmhas (an chéad leibhéal), monatóireacht agus imeachtaí a láimhseáil, iarrataí a chomhlíonadh
  - o Cuidiú chun uirlisí faisnéisíochta, táirgí, tionscadail, seirbhísí agus samhlacha caighdeánaithe TF a chothabháil agus feabhas a chur orthu trí fhaire theicniúil agus tástáil a dhéanamh
  - o An chumarsáid a bhaineann le gníomhaíochtaí maidir le seirbhísí an ionaid oibre dhigitigh d'úsáideoirí deiridh a chinntiú, an pobal IRMS agus an fhoireann inmheánach san áireamh. Dá bhrí sin, beidh an chumarsáid teicniúil agus pobalbhunaithe
- Comhordú le conraitheoirí maidir le bainistiú saolré sócmhainní TF
- Iarrataí úsáideoirí deiridh TF a bhailíochtú i gcomhréir le doiciméid shonracha amhail na beartais maidir le leithdháileadh agus na rialacha maidir le gach acmhainn TF a bhainistiú, gnéithe slándála TF san áireamh
- Bainistiú shuiteáil, aistrithe agus ionadú an trealaimh TF
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme leordhóthanach chothabháil (cheartaitheach, leigheasach, athraitheach, choisctheach) na gcóras faisnéise agus an cur chun feidhme leordhóthanach sin a fheidhmiú

### ***Réimse 5: Slándáil TFC***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **cúntóirí i réimse na slándála TFC** beidh na cinn seo a leanas:

- Tacú le seirbhísí CERT: cúnamh a thabhairt chun an tseirbhís a shainiú, tacaíocht theicniúil agus riaracháin a thabhairt maidir le seirbhísí a sholáthar i réimse na slándála TFC
- Cuidiú a thabhairt creata slándála TF a shainiú, tacú le feabhas a chur ar phróisis slándála TF
- Cúnamh a thabhairt leis na cúraimí atá dírithe ar cheapadh ailtireachta na rialuithe slándála atá curtha in oiriúint don leibhéal measta riosca agus iad a anailísiú, an dréachtú teicniúil agus dlíthiúil a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme
- Tacú leis an measúnú maidir le sainathint agus comhtháthú táirgí slándála, agus cúraimí sonracha i dtreo uirlisí slándála gaolmhara a fhorbairt nó a fheabhsú san áireamh
- Tacú le foirne tionscadal measúnú slándála a dhéanamh go tráthrialta, mar aon le tástáil slándála, bainistiú laigí, monatóireacht ar imeachtaí slándála agus freagairt do theagmhais
- Cuidiú chun iniúchtaí slándála TF agus imscrúduithe ar theagmhais a dhéanamh
- Beara ardaíthe feasachta i dtaobh na cibearshlándála a mholadh
- Cúnamh a thabhairt in oibríochtaí cibearshlándála: monatóireacht agus brath, bagairtí a lorg, freagairt do theagmhais, dearbhú slándála, innealtóireacht oibríochtaí slándála
- Cúraimí mar thacaíocht do chur chun feidhme tionscadal TF, cleachtais ghlactha maidir le bainistiú tionscadal a chur i bhfeidhm (modheolaíocht PM<sup>2</sup>)
- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt i réimsí na gcóras aitheantais agus bainistithe rochtana agus an tsínithe leictreonaigh
- Ullmhúchán a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre feidhmiúla agus teicniúla, measúnú a dhéanamh ar mholtaí teicniúla, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán slándála agus dea-chleachtas.
- Tacú le ceapadh ailtireachta na rialuithe slándála agus iad a chur in oiriúint don leibhéal measta riosca

### ***Réimse 6: Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht***

Ar na príomhdhualgais a bheidh le déanamh ag **Cúntóirí i réimse an bhonneagair TF** beidh na cinn seo a leanas:

- Réitigh/seirbhísí a bhaineann le bonneagar fiontar TFC, le hionaid sonraí chorparáideacha, leis an néalríomhaireacht phoiblí agus phríobháideach a cheapadh, a chur chun feidhme, a oibriú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Go háirithe, comhtháthú agus bainistiú comhpháirteanna fisiceacha agus fíorúla (córas oibriúcháin, coimeádáin, bogearraí eagrúcháin coimeádán, freastalaithe, córais stórála, bunachair sonraí, freastalaithe feidhmchlár, eilimintí líonraí, uathobriú cruacha, píblínte seachadta bogearraí), seirbhísí (cianrochtain, rochtain ar an idirlíon, cumarsáid ghutha/sonraí, seirbhísí móibíleacha, slándáil), ón néalríomhaireacht san áitreabh nó ó néalríomhaireacht phoiblí
- Ról comhairleach teicniúil i gcomhthéacs na hailtireachta ar bhonn réitigh néalríomhaireachta hibrideacha a dhéanann táirgí seirbhísí néalríomhaireachta poiblí agus ar an láthair a mheascadh
- Gníomhaíochtaí oibríochtúla a chomhordú trí bhíthin conarthaí seirbhíse bainistithe laistigh d'fhearainn theicneolaíoch a fhaightear go hiondúil i réimsí a bhaineann le bonneagair fiontar TFC, in ionaid sonraí chorparáideacha agus sa nealríomhaireacht phoiblí
- Bainistiú táirgí maidir le comhpháirteanna bonneagair TFC i dtaca le córais oibriúcháin, freastalaithe, coimeádáin, bogearraí eagrúcháin choimeádáin, córais stórála, bunachair sonraí, freastalaithe feidhmchlár, eilimintí líonraí, píblínte seachadta bogearraí, bogearraí uathobrithe san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh



[Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)

## IARSCRÍBHINN II

### CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Déanfaidh *an coiste roghnúchán na critéir seo a leanas a chur san áireamh agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh:*

**COM/TA/AD/01/20 (AD 8)**

#### ***Réimse 1: An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta***

1. Céim ollscoile sa ríomheolaíocht, san innealtóireacht TF, san innealtóireacht leictreach, san innealtóireacht teileachumarsáide, sa mhicrileictreonaic/nanaileictreonaic, san fhisic, sa cheimic, sa bhitheolaíocht, san intleacht shaorga nó i bhforbairt bogearraí.
2. 3 bliana de thaithí oibre ar a laghad ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
  - a. Ríomhchlárú comhthreomhar agus códú
  - b. Forbairt bogearraí
  - c. Dearadh ríomhairí nó sliseanna
  - d. Ionad sonraí a bhainistiú
  - e. Ardáin ríomhaireachta a bhainistiú
  - f. Ardáin sonraí a bhainistiú
  - g. Bonneagar feidhmchlár/meánearraí a bhainistiú (bunachar sonraí agus/nó córais bainistithe inneachair agus freastalaí feidhmchláir)
  - h. Anailís a dhéanamh ar thacair mhóra sonraí nó ar fhaisnéis neamhstruchtúrtha
  - i. Samhaltú eolaíoch
  - j. An ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm
  - k. Intleacht shaorga
  - l. Staidreamh feidhmeach
  - m. Matamaitic fheidhmeach
3. 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre ar thaighde agus forbairt, nó ar thionscadail taighde agus forbartha a bhainistiú.
4. Taithí oibre ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm
5. Taithí oibre ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun feidhme a fhaigheann tacaíocht ó chlár mhaoiniúcháin phoiblí.
6. Taithí oibre ar bhainistiú riaracháin agus airgeadais a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.
7. Taithí oibre ar thuarascálacha teicniúla nó neamhtheicniúla a dhréachtú maidir le hábhar ar bith a bhaineann le taighde agus forbairt, eolaíocht, TF nó beartais.
8. Taithí oibre ar an óráidíocht phoiblí.

#### ***Réimse 2: An Ard-Teicneolaíocht: teicneolaíochtaí candamacha***

1. Céim ollscoile sa ríomheolaíocht, san innealtóireacht TF, san innealtóireacht leictreach, san innealtóireacht teileachumarsáide, sa mhicrileictreonaic/nanaileictreonaic, san fhótónaic, san fhisic, sa cheimic, sa bhitheolaíocht, sa chibearshláid nó i bhforbairt bogearraí.
2. 3 bliana de thaithí oibre ar a laghad ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
  - a. Fisic chandamach
  - b. Micrileictreonaic/nanaileictreonaic
  - c. Fótónaic
  - d. Innealtóireacht leictreonach
  - e. Líonraí teileachumarsáide
  - f. Braiteacht nó méadreolaíocht

- g. Cibearshlándaíl
  - h. Forbairt bogearraí
  - i. Dearadh ríomhairí
3. 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre ar thaighde agus forbairt a dhéanamh, nó ar thionscadail taighde agus forbartha a bhainistiú.
  4. Taithí oibre ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm.
  5. Taithí oibre ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun feidhme a fhaigheann tacaíocht ó chlár mhaoiniúcháin phoiblí.
  6. Taithí oibre ar bhainistiú riaracháin agus airgeadais a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.
  7. Taithí oibre ar thuarascálacha teicniúla nó neamhtheicniúla a dhréachtú maidir le hábhar ar bith a bhaineann le taighde agus forbairt, eolaíocht, TF nó beartais.
  8. Taithí oibre ar an óráidíocht phoiblí.

### ***Réimse 3: Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí***

1. Taithí oibre ar bhainistiú tionscadal i réimse na próiseála sonraí.
2. Taithí oibre ar bhainistiú seirbhísí sonraí.
3. Taithí oibre ar chreata rialachais sonraí.
4. Taithí oibre ar bhainistiú tionscadal nó ar bhainistiú gníomhaíochtaí agus seirbhísí i réimse an anailísithe sonraí (asluitigh a shainaitheant agus a chóireáil, sonraí painéil, meastóirí samhailbhunaithe, amshraitheanna agus suirbhéanna).
5. Taithí oibre ar réimse a bhaineann le bainistiú sonraí (cóipeáil inneachair gréasáin agus anailísíocht, foghlaim staitistiúil, meaisínfhoghlaim, meastacháin algartam-bhunaithe, staitisticí geospásúla, sonraí ó scanóirí agus braiteoirí sonraí).
6. Taithí oibre ar thaighde a dhéanamh ar uirlisí anailíse sonraí agus ar a n-úsáid.
7. Taithí oibre ar thaighde agus bainistiú a dhéanamh ar ollthiomsú sonraí, faisnéis neamhstruchtúrtha agus bunachair sonraí thagartha.
8. Taithí oibre ar mheiteashonraí a láimhseáil, asluitigh a shainaitheant, anailísiú a dhéanamh ar amshraitheanna agus eacnaiméadracht.
9. Taithí oibre ar bheartais, caighdeáin agus treoirínte maidir le sonraí (staitistiúla) a bhailíochtú agus a scaipeadh.
10. Taithí oibre ar chórais mhórsála TF a bhainistiú atá tiomnaithe do mhalartú sonraí, próiseáil agus scaipeadh.
11. Taithí oibre ar mhodhanna, uirlisí agus nósanna imeachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sonraí a phróiseáil agus a léirmhíniú, nithe a bhféadfadh a bheith i gceist leo ardteicnící cainníochta a úsáid chun críoch meastóireachta agus luachála.

### ***Réimse 4: An t-ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach***

1. Taithí oibre ar réitigh/seirbhísí a shainiú agus a cheapadh do roinnt tionscadail cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.
2. Taithí oibre ar réitigh/seirbhísí a chur chun feidhme, a oibriú, a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh i roinnt tionscadail cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.
3. Taithí oibre ar bheartais slándála a chur chun feidhme i roinnt tionscadail cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.

4. Taithí oibre ar gníomhaíochtaí maidir le haitireacht, cur in úsáid agus comhtháthú a chomhordú agus bonneagair agus réitigh nua a bhainistiú.
5. Taithí oibre ar ailtireacht, ceapadh agus forbairt an ionaid oibre dhigitigh, an uathoibríthe oifige agus na ríomhaireachta móibílí.
6. Taithí oibre ar phleanáil acmhainní, anailísiú riachtanas, meastachán acmhainní agus leithdháileadh san áireamh.
7. Deimhniú faighte i modheolaíocht bainistithe tionscadal.

### ***Réimse 5: Slándáil TFC***

1. Taithí oibre ar rialuithe slándála atá curtha in oiriúint don leibhéal measta riosca a cheapadh agus a anailísiú, ar dhréachtú teicniúil agus dlíthiúil na rialuithe sin agus ar a gcur chun feidhme (seiceálacha cáilíochta san áireamh).
2. Taithí oibre ar anailísiú a dhéanamh ar threochtaí i margadh na dtáirgí slándála.
3. Taithí oibre ar mheasúnú slándála a dhéanamh go tráthrialta, tástáil slándála, bainistiú laigí.
4. Taithí oibre ar bhearta ardaithe feasachta i dtaobh na cibearshlándála.
5. Deimhniú agus taithí oibre ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal agus/nó ar bhainistiú seirbhísí.
6. Deimhnithe slándála i réimse an bhainistithe riosca, an bhainistithe slándála nó na freagartha do theagmhais slándála.
7. Taithí oibre ar bhainistiú aitheantais agus rochtana.
8. Taithí oibre ar chódú slán agus cripteagrafaíocht.

### ***Réimse 6: Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht***

1. Cáilíocht agus/nó taithí oibre ar bhainistiú seirbhísí (deimhniú ITIL).
2. Taithí oibre ar réimse amháin nó roinnt réimsí a chur chun feidhme agus a oibriú i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cultaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála).
3. Taithí oibre ar chonarthaí seirbhíse a bhainistiú i réimse amháin nó roinnt réimsí i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cultaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála), seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse ar fochonradh ar bhonn iomlán nó go páirteach.
4. Taithí oibre ar theicneolaíochtaí a bhfuil baint acu le ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
  - a. Ardán ríomhaireachta a bhainistiú (córais oibriúcháin, fíorúlú, freastalaithe fisiceacha)
  - b. Bainistiú stórála agus/nó bainistiú seirbhísí cultaca
  - c. Bonneagar feidhmchlár/meánearraí a bhainistiú (bunachar sonraí agus/nó córais bainistithe inneachair agus freastaláil feidhmchláir)
  - d. Bainistiú saoráidí agus sócmhainní fisiceacha na n-ionad sonraí
  - e. Bainistiú líonraí agus teicneolaíochtaí seirbhísí slándála.
5. Taithí oibre ar bhainistiú tionscadal do sheirbhísí ionaid sonraí a sholáthraítear sa mhodh clasaiceach agus/nó a chuirtear in oiriúint don néalríomhaireacht (seirbhísí ardán ríomhaireachta, seirbhísí stórála agus cultaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir).
6. Deimhniú faighte i modheolaíocht bainistithe tionscadal.
7. Taithí oibre ar chreata slándála faisnéise agus ar a gcur i bhfeidhm ar líonraí agus ar sheirbhísí slándála.
8. Taithí oibre ar réimse amháin nó roinnt réimsí a cheapadh agus a chur chun feidhme i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cultaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála).

## 2. COM/TA/AST/02/20 (AST 4)

### *Réimse 1: An Ard-Teicneolaíocht: an ríomhaireacht ardfheidhmíochta*

1. Taithí oibre ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo:
  - a. Ríomhchlárú comhthreomhar agus códú
  - b. Forbairt bogearraí
  - c. Dearadh ríomhairí nó sliseanna
  - d. Ionad sonraí a bhainistiú
  - e. Ardáin ríomhaireachta a bhainistiú
  - f. Bonneagar feidhmchlár/meánearraí a bhainistiú (bunachar sonraí agus/nó córais bainistithe inneachair agus freastalaí feidhmchláir)
  - g. Ardáin sonraí a bhainistiú
  - h. Anailís a dhéanamh ar thacair mhóra sonraí nó ar fhaisnéis neamhstruchtúrtha
  - i. Samhaltú eolaíoch
  - j. An ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm
  - k. Intleacht shaorga
  - l. Staidreamh feidhmeach
  - m. Matamaitic fheidhmeach
  - n. Comhtháthú córais TF
2. Dioplóma sa ríomheolaíocht, san innealtóireacht TF, san innealtóireacht leictreach, san innealtóireacht teileachumarsáide, sa mhicrileictreonaic/nanaileictreonaic, san fhisic, sa cheimic, sa bhitheolaíocht, san intleacht shaorga, sa staidreamh feidhmeach, sa mhatamaitic fheidhmeach nó i bhforbairt bogearraí.
3. Taithí oibre ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm.
4. Taithí oibre ar chúnamh a thabhairt i dtaca le bainistiú riaracháin agus airgeadais tionscadal/próiseas.
5. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí TF agus/nó d'oibríochtaí taighde agus forbartha.
6. Taithí oibre ar thuarascálacha teicniúla nó neamhtheicniúla a dhréachtú.
7. Taithí oibre ar an óráidíocht phoiblí.

### *Réimse 3: Anailísiú sonraí agus eolaíocht sonraí*

1. Taithí oibre ar réimse na próiseála sonraí.
2. Taithí oibre ar bhainistiú seirbhísí sonraí.
3. Taithí oibre ar rialachas sonraí.
4. Taithí oibre ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm.
5. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus seirbhísí i réimse na hanailísíochta sonraí amhail asluitigh a shainnithint agus a chóireáil, sonraí painéil, meastóirí samhailbhunaithe, amshraitheanna agus suirbhéanna.
6. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt do réimse a bhaineann le bainistiú sonraí amhail cóipeáil inneachair gréasáin agus anailísíocht, foghlaim staitistiúil, meaisínfhoghlaim, meastacháin algartam-bhunaithe, staitisticí geospásúla, sonraí ó scanóirí agus braiteoirí sonraí.
7. Taithí oibre ar uirlisí anailíse sonraí a úsáid.
8. Taithí oibre ar bhainistiú a dhéanamh ar ollthiomsú sonraí, faisnéis neamhstruchtúrtha agus bunachar sonraí tagartha.
9. Taithí oibre ar mheiteashonraí a láimhseáil, asluitigh a shainnithint, anailísiú a dhéanamh ar amshraitheanna agus eacnaiméadracht.

10. Taithí oibre ar shonraí staitistiúla a bhailíochtú agus a scaipeadh.
11. Taithí oibre ar chórais mhórsála TF a bhainistiú agus/nó tacaíocht a thabhairt do chórais mhórsála TF atá tiomnaithe do mhalartú sonraí, próiseáil agus scaipeadh.

#### ***Réimse 4: An t-ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach***

1. Taithí oibre ar chúnamh a thabhairt i dtaca le réitigh/seirbhísí a shainiú agus a cheapadh do roinnt tionscadail cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.
2. Taithí oibre ar chuidiú a thabhairt i dtaobh réitigh/seirbhísí a chur chun feidhme, a oibriú, a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh i roinnt tionscadal cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.
3. Taithí oibre ar chuidiú a thabhairt i dtaobh beartais slándála a chur chun feidhme i roinnt tionscadail cur chun feidhme ar scála fiontair a bhaineann leis an ionad oibre digiteach, an t-uathobriú oifige agus an ríomhaireacht mhóibíleach.
4. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt i dtaobh gníomhaíochtaí maidir le hailtireacht, cur in úsáid agus comhtháthú a chomhordú agus bonneagair agus réitigh nua a bhainistiú.
5. Taithí oibre ar chuidiú a thabhairt i dtaobh ailtireacht, ceapadh agus forbairt an ionaid oibre dhigitigh, an uathobrithe oifige agus na ríomhaireachta móibílí.
6. Taithí oibre ar chúnamh a thabhairt i dtaca le pleanáil acmhainní, anailísiú riachtanas, meastachán acmhainní agus leithdháileadh san áireamh.
7. Deimhniú faighte i modheolaíocht bainistithe tionscadal.

#### ***Réimse 5: Slándáil TFC***

1. Taithí oibre ar chúnamh a thabhairt rialuithe slándála atá curtha in oiriúint don leibhéal measta riosca a cheapadh agus a anailísiú, ar dhréachtú teicniúil agus dlíthiúil na rialuithe sin agus ar a gcur chun feidhme (seiceálacha cáilíochta san áireamh).
2. Taithí oibre ar tháirgí slándála a shainiú, a mheasúnú agus a chomhtháthú agus forbairt, m.sh. forbairt, bainistiú laigí slándála, measúnú laigí, tástáil treáite nó feabhas a chur ar uirlisí slándála sonracha (réitigh foinsí oscailte i réimse na slándála TF a chur in úsáid i measc cinn eile).
3. Taithí oibre ar mheasúnú slándála a dhéanamh go tráthrialta, iniúchadh slándála TF, bainistiú laigí, measúnú laigí, tástáil treáite nó cur chun feidhme slándála TF.
4. Taithí oibre ar iniúchtaí slándála.
5. Taithí oibre ar bhearta ardaithe feasachta i dtaobh na cibearshlándála.
6. Taithí oibre ar mhonatóireacht ar shlándáil TF agus ar theagmhais slándála TF a bhrath, freagairt do theagmhais slándála agus imscrúduithe ar theagmhais, dearbhú slándála, innealtóireacht oibríochtaí slándála.

7. Deimhniú a fuarthas i modheolaíocht bainistithe tionscadal agus/nó i mbainistiú seirbhísí.
8. Deimhnithe slándála i réimse an bhainistithe riosca, an bhainistithe slándála nó na freagartha do theagmhais slándála.
9. Taithí oibre ar bhainistiú tionscadal TF agus/nó ar bhainistiú seirbhísí TF.
10. Taithí oibre ar bhainistiú aitheantais agus rochtana (i.e. fíordheimhniú, údarú agus aitheanta cónasctha).
11. Taithí oibre ar chódú slán agus cripteagrafaíocht (e.g. OWASP, haiseáil, criptiúchán siméadrach, criptiúchán neamhshiméadrach).

### ***Réimse 6: Bonneagar TF agus an néalríomhaireacht***

1. Cáilíocht agus/nó taithí oibre ar bhainistiú seirbhísí (deimhniú ITIL).
2. Taithí oibre ar chuidiú a thabhairt réimse amháin nó roinnt réimsí a chur chun feidhme agus a oibriú i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí a sholáthraítear sa mhodh clasaiceach agus/nó dírithe ar an néalríomhaireacht (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cúltaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála).
3. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt do bhainistiú conarthaí seirbhíse i réimse amháin nó roinnt réimsí i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí a sholáthraítear sa mhodh clasaiceach agus/nó dírithe ar an néalríomhaireacht (seirbhísí ardán, ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cúltaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála), seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse ar fochonradh ar bhonn iomlán nó go páirteach.
4. Taithí oibre ar theicneolaíochtaí a bhfuil baint acu le ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
  - a. Ardán ríomhaireachta a bhainistiú (córais oibriúcháin, fíorúlú, freastalaithe fisiceacha)
  - b. Bainistiú stórála agus/nó bainistiú seirbhísí cúltaca
  - c. Bonneagar feidhmchlár/meánearraí a bhainistiú (bunachar sonraí agus/nó córais bainistithe inneachair agus freastalaí feidhmchláir)
  - d. Bainistiú saoráidí agus sócmhainní fisiceacha na n-ionad sonraí
  - e. Bainistiú líonraí agus teicneolaíochtaí seirbhísí slándála.
5. Taithí oibre ar chúnaimh a thabhairt i dtaca le bainistiú tionscadal i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí a sholáthraítear sa mhodh clasaiceach agus/nó dírithe ar an néalríomhaireacht (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cúltaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála).
6. Deimhniú faighte i modheolaíocht bainistithe tionscadal.
7. Taithí oibre ar chreata slándála faisnéise agus ar a gcur i bhfeidhm ar líonraí agus ar sheirbhísí slándála.
8. Taithí oibre ar chuidiú a thabhairt réimse amháin nó roinnt réimsí a cheapadh agus a chur chun feidhme i dtaobh seirbhísí ionaid sonraí a sholáthraítear sa mhodh clasaiceach agus/nó dírithe ar an néalríomhaireacht (seirbhísí ardán ríomhaireachta, stóráil agus seirbhísí cúltaca, seirbhísí bonneagair feidhmchláir, líonraí agus seirbhísí slándála).

[Deireadh IARSCRÍBHINN II. Clliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs](#)

## **IARSCRÍBHINN III**

### **1. CUMARSÁID A DHÉANAMH LE hIARRTHÓIRÍ:**

A luaithe a bheidh d'iarratas cláraithe, is féidir leat dul chun cinn ginearálta an phróisis roghnúcháin a leanúint ach dul chuig suíomh gréasáin EPSO <http://jobs.eu-careers.eu>

Beidh eolas le haghaidh daoine aonair ar fáil i do chuntas EPSO.

Sin é an cás go háirithe maidir leis seo a leanas:

- na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire: cuireadh agus torthaí;
- Torthaí incháilitheachta;
- An t-agallamh réimseshonrach: cuireadh agus torthaí.

**Ba cheart duit féachaint ar do chuntas EPSO go rialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad.** Is fútsa atá sé do chuntas EPSO a choinneáil cothrom le dáta chun aon athrú ar do sheoladh poist nó ríomhphoist a léiriú.

**I do chuid comhfhreagrais ar fad, ní mór duit d'ainm mar atá sé scríofa ar d'fhoirm iarratais a lua chomh maith le huimhir thagartha an phróisis roghnúcháin agus an uimhir iarratais.**

### 1.1. Faisnéis a nochtar go huathoibríoch

**Gheobhaidh tú go huathoibríoch** an t-eolas seo a leanas ar fad i do chuntas EPSO i ndiaidh gach céim den phróiseas roghnúcháin:

- **na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:** do thorthaí agus tábla a bhfuil na freagraí a thug tú ann mar aon le huimhir nó tagairt na bhfreagraí cearta. **Ní féidir, ar chúinse ar bith, rochtain a fháil ar théacs ná ar fhreagraí na gceisteanna,**
- **Incháilitheacht:** deirtear cé acu ar tugadh cead duit páirt a ghlacadh sa chomórtas nó nár tugadh; murar tugadh an cead sin duit, deirtear cé na coinníollacha incháilitheachta nár comhlíonadh,
- **Talent Screener:** do thorthaí agus tábla ina bhfuil ualú gach ceiste, na pointí a tugadh do na freagraí a thug tú agus do scór iomlán,
- **Agallamh:** do thorthaí.

### 1.2. Faisnéis a iarraidh

Féachann EPSO leis an oiread faisnéise is féidir a chur ar fáil d'iarrthóirí, i gcomhréir leis an oibleagáid atá air cúiseanna a thabhairt, le rúndacht imeachtaí an choiste roghnúcháin agus leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. Is i bhfianaise na dtosca sin a mheasfar gach iarraidh ar fhaisnéis.

Is trí shuíomh gréasáin EPSO ([https://epso.europa.eu/help\\_ga](https://epso.europa.eu/help_ga)) ba cheart gach iarraidh ar fhaisnéis a dhéanamh, laistigh de 10 lá tar éis do thorthaí a fhoilsiú.

## 2. COISTE ROGHNÚCHÁIN

Chun na hiarrthóirí is fearr a roghnú, ar bhonn na gcoinníollacha atá leagtha amach sa ghlaó, ainmnítear coiste roghnúcháin.

Is é an coiste roghnúcháin a chinneann leibhéal deacrachta na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire.

Na cinntí lena mbunófar baill an choiste roghnúcháin, foilseofar ar shuíomh gréasáin EPSO iad <http://jobs.eu-careers.eu>



Tá dianchosc ar iarrthóirí aon teagmháil a dhéanamh le baill an choiste roghnóireachta a bhaineann leis na próisis roghnúcháin, bíodh sé go díreach nó go hindíreach. Má sháraítear an riail sin, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

### 3. IARRATAÍ, GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC

#### 3.1. Saincheisteanna teicniúla agus eagraíochtúla

Má thagann mórdheacracht theicniúil nó eagraíochtúil romhat ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, **iarrtar ort EPSO** a chur ar an eolas ina thaobh sa chaoi go bhféadfar an cás a bhreathnú agus beart a dhéanamh chun é a leigheas. Is trí shuíomh gréasáin EPSO amháin is ceart teagmháil a dhéanamh ([https://epso.europa.eu/contact/form\\_ga](https://epso.europa.eu/contact/form_ga)).

Iarrtar ort **d’ainm** (an t-ainm a thug tú i do chuntas EPSO) a lua i ngach comhfhreagras, mar aon le **d’uimhir iarratais** agus **uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin**.

**I gcás fadhb a tharla san ionad trialacha**, iarrtar ort:

- na feitheoirí a chur ar an eolas láithreach sa chaoi gur féidir réiteach a aimsiú san ionad féin. I gcás ar bith, iarr ar na feitheoirí an gearán atá agat a chur i scríbhinn, agus
- teagmháil a dhéanamh le EPSO tráth nach déanaí ná **3 lá féilire** i ndiaidh na dtrialacha trí shuíomh gréasáin EPSO ([https://epso.europa.eu/contact/form\\_ga](https://epso.europa.eu/contact/form_ga)) agus cur síos gairid a thabhairt dóibh ar an bhfadhb.

I gcás **fadhb a tharla lasmuigh den ionad trialacha** (mar shampla, fadhb a bhaineann le hiarratas nó coinne a dhéanamh), lean na teoracha i do chuntas EPSO agus ar shuíomh gréasáin EPSO nó déan teagmháil le EPSO láithreach trí shuíomh gréasáin EPSO ([https://epso.europa.eu/contact/form\\_ga](https://epso.europa.eu/contact/form_ga)).

I gcás fadhbanna a bhaineann le d’iarratas, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le EPSO láithreach agus go cinnte roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, trí shuíomh gréasáin EPSO ([https://epso.europa.eu/contact/form\\_ga](https://epso.europa.eu/contact/form_ga)). Má chuirtear ceist isteach níos lú ná 5 lá oibre roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, is féidir nach bhfreagrófar roimh an sprioc-am iad.

#### 3.2. Earráidí sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Déanann EPSO grinnrialú cáilíochta go seasta ar an mbunachar de cheisteanna ilrogha.

Má mheasann tú nár fhéad tú ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a fhreagairt toisc earráid a bheith inti nó iontu, tá tú i dteideal iarraidh ar an gcoiste roghnúcháin an cheist nó na ceisteanna a athbhreithniú (faoin 'nós imeachta neodrúcháin;).

Faoin nós imeachta sin féadfaidh an coiste roghnúcháin cinneadh ar an gceist ina bhfuil an earráid a chur ar ceal agus na marcanna don cheist sin a athdháileadh ar na ceisteanna eile. Is d’iarrthóirí a raibh an cheist earráideach le freagairt acu, agus dóibh siúd amháin, a dhéanfaidh an t-athríomh pointí difear. Ní thiocfaidh aon athrú dá thoradh sin ar scéim mharcála na dtrialacha a leagtar amach sna codanna ábhartha den ghlaio seo.

Ag seo an dóigh le gearán a dhéanamh faoi thriail ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

- **nós imeachta:** déan teagmháil le EPSO trí shuíomh gréasáin EPSO amháin ([https://epso.europa.eu/help/forms/complaints\\_ga](https://epso.europa.eu/help/forms/complaints_ga)),
- **teanga:** sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 don phróiseas roghnúcháin i gceist

- **sprioc-am:** ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de **3 lá féilire** tar éis an dáta a rinne tú na trialacha ar ríomhaire,
- **faisnéis bhreise:** déan cur síos ar an gceist ionas go bhféadfar í a aithint, agus mínigh chomh soiléir agus is féidir cad í an earráid a deirtear a bheith ann.

**Iarrataí a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama nó iarrataí nach bhfuil cur síos soiléir iontu ar an gceist/ar na ceisteanna atá á conspóid/á gconspóid agus ar an earráid/na hearráidí a deirtear a bheith ann, ní chuirfear san áireamh iad.**

Gearáin nach bhfuil luaite iontu, cuir i gcás, ach fadhbanna aistriúcháin a deirtear a bheith ann, agus gan aon sonraí eile tugtha, ní chuirfear san áireamh iad.

### **3.3. Iarraidh ar athbhreithniú:**

Féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an coiste roghnúcháin nó an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích lena gcinntear do thorthaí agus/nó lena gcinntear cé acu a rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin nó a dhíbreofar thú.

Is féidir iarrataí ar athbhreithniú a bheith bunaithe ar:

- míréireacht ábhartha sa phróiseas roghnúcháin; agus/nó
- an coiste roghnúchán nó an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích gan na Rialacháin Foirne, an glao, iarscríbhinní an fhógra comórtais agus/nó an cásdlí a chomhlíonadh.
- **nós imeachta:** déan teagmháil le EPSO trí shuíomh gréasáin EPSO amháin ([https://epso.europa.eu/help/forms/complaints\\_en](https://epso.europa.eu/help/forms/complaints_en));
- **teanga:** sa teanga a roghnaigh tú mar theanga 2 don phróiseas roghnúcháin i gceist;
- **sprioc-am:** ní mór an iarraidh a dhéanamh laistigh de **10 lá féilire** tar éis an dáta a foilsíodh an cinneadh atá á chonspóid;
- **faisnéis bhreise:** luaigh go soiléir an cinneadh atá á chonspóid agat agus cúiseanna na conspóide.

Iarrataí a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama, ní chuirfear san áireamh iad.

### **3.4 Nósanna imeachta achomhairc**

Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne. Níor cheart duit ach aon chóip amháin den ghearán a chur ar aghaidh, agus sin a dhéanamh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

- le ríomhphost, i bhfoirm PDF más féidir é, chuig bosca litreach feidhmiúil HR MAIL E.2 ([HR-MAIL-E2@ec.europa.eu](mailto:HR-MAIL-E2@ec.europa.eu)) nó
- le facs chuig (32-2) 295 00 39 nó
- tríd an bpost chuig SC11 4/57 nó
- í a sheachadadh go pearsanta chuig SC11 4/57 (idir 9.00 agus 12.00 nó idir 14.00 agus 17.00).

An teorainn ama 3 mhí atá ann chun an cineál gníomhaíochta sin a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne <https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20180101:EN:PDF>), cuirtear tús leis an tréimhse sin a luaithe agus a thugtar fógra duit faoin gcinneadh a líomhnaítear a bheith ag déanamh dochair do do leas.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích cinntí coiste roghnúcháin a athrú. Is é cinneadh seasta na Cúirte Ginearálta nach bhfuil an discríd leathan atá ag na coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, ach amháin más léir gur sáraíodh na rialacha lena rialaítear a n-imeachtaí sin.

### 3.5. Achomhairc bhreithiúnacha

I do cháil mar iarrthóir i bpróiseas roghnúcháin le haghaidh gníomhairí sealadacha, tá sé de cheart agat achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.

Tabhair do d'aire nach mbeidh achomhairc i gcoinne cinntí a rinne an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích seachas an coiste roghnúcháin, nach mbeidh siad inghlactha os comhair na Cúirte Ginearálta mura ndearnadh achomharc riaracháin roimhe sin faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne (féach roinn 3.4). Go háirithe, is amhlaidh atá i gcás cinntí a bhaineann leis na critéir incháilitheachta ghinearálta, arb é an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích a dhéanann iad seachas an coiste roghnúcháin.

Ag seo an dóigh le hachomharc breithiúnach a dhéanamh:

**nós imeachta:** gabh chuig suíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (<http://curia.europa.eu/jcms/>).

### 3.6. An tOmbudsman Eorpach

Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach agus gach duine atá ina chónaí san Aontas Eorpach gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

**Sula ndéanfaidh tú sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus na foirmeáltachtaí riaracháin iomchuí a chomhlíonadh** (féach pointí 3.1 go 3.4 thuas).

Ní bheidh mar thoradh ar ghearán a chur faoi bhráid an Ombudsman síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá ann le gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a dhéanamh.

Ag seo an dóigh le gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman:

- **nós imeachta:** gabh chuig suíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (<http://www.ombudsman.europa.eu/>).

## 4. DÍCHÁILIÚ

Féadfar thú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin má fhaigheann EPSO/an t-údarás atá údaraithe conarthaí a thabhairt i gcrích amach:

- gur chruthaigh tú níos mó ná cuntas EPSO amháin;
- go ndearna tú iarratas níos mó ná réimse amháin laistigh de ghrád;
- nach gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta;
- go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó dearbhú nach raibh aon tacaíocht ag gabháil leis;

- nach ndearna tú coinne chun na trialacha a dhéanamh nó nach ndearna tú na trialacha iad féin;
- go ndearna tú séitéireacht sna trialacha;
- nár dhearbhaigh tú san fhoirm iarratais na teangacha nach mór a bheith agat i gcomhréir leis an nglao seo, nó nár dhearbhaigh tú na híosleibhéil a theastaíonn sna teangacha sin;
- gur fhéach tú le dul i dteagmháil le ball den choiste roghnúcháin ar dhóigh neamhúdraithe;
- nár chuir tú in iúl do EPSO go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann a bhaineann le ball den choiste roghnúcháin;
- go ndearna tú nó gur scríobh tú sainmharc i dtrialacha scríofa a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo nó i dtrialacha praiticiúla.

Caithfidh daoine atá ag lorg post in institiúidí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a léiriú go bhfuil siad sár-ionraic. Aon duine a dhéanann calaois nó iarracht ar chalaos, is féidir go ngearrfar pionós air, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh neamh-incháilithe do phróiseas roghnúcháin eile ina dhiaidh sin.



## DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo, tugtar eolas duit faoi  
phróiseáil agus cosaint do shonraí pearsanta**

**An oibríocht phróiseála:** Glao ar léiriú spéise le haghaidh Gníomhairí Sealadacha d’Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta (DIGIT), d’Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (ENER), d’Oifig na bhFoilseachán (OP), d’Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin (DGT), d’Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (CNECT) agus d’EUROSTAT (ESTAT) [uimhreacha tagartha: COM/TA/AD/01/20 RIARTHÓIRÍ (AD 8) AGUS COM/TA/AST/02/20 CÚNTÓIRÍ (AST 4)]

**Rialaitheoir Sonraí:** An Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Slándáil: Aonad HR.DDG.B.1  
“An tAonad um Roghnúchán, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse”

Tagairt taifid: DPO-1964-2 / DPR-EC-01728.1

### Clár

1. Réamhrá
2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?
3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?
4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?
5. Cá fhad a choinneoidimid do shonraí pearsanta?
6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?
7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?
8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?
9. Sonraí teagmhála
10. Tuilleadh eolais

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachtas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta, an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Tugtar thíos an fhaisnéis i dtaca leis an oibríocht phróiseála *“Procédures de sélection d'agents temporaires organisées par la Commission pour des postes autres qu'encadrement ou conseil”*. arna déanamh ag Aonad HR.DDG.B.1 .

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Bailíonn an Coimisiún Eorpach do chuid sonraí pearsanta agus baintear úsáid astu le go mbeidh na hArd-Stiúrthóireachtaí rannpháirteacha in ann glao ar léiriú spéise a eagrú chun liosta a chur le chéile de na hiarrthóirí ar éirigh leo agus is mó atá in oiriúint don phróifíl a leagtar amach san fhógra roghnúcháin. Tugtar eolas ar leith do gach iarrthóir faoi chéimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

Is é an coiste roghnúcháin a phróiseálann comhaid na n-iarrthóirí (ina bhfuil a sonraí aitheantais agus a sonraí incháilitheachta), an tuarascáil réasúnaithe agus painéal na n-iarrthóirí ar éirigh leo, ach ní stóráilann sé na nithe sin. Is iad an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shláidáil agus na hArd-Stiúrthóireachtaí rannpháirteacha a phróiseálann agus a stóráilann comhaid na n-iarrthóirí (iarrthóirí nár éirigh leo san áireamh), an tuarascáil réasúnaithe agus liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo. Is iad seirbhísí na hArd-Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna agus um Shláidáil a dhéanann comhaid na n-iarrthóirí ar éirigh leo, an tuarascáil réasúnaithe agus painéal na n-iarrthóirí ar éirigh leo a stóráil.

Ní úsáidfead do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibríthe, próifíliú san áireamh.

## 3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil ar na cúiseanna seo a leanas:

is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais.

- Seo a leanas an bunús dlí leis an bpróiseas: [Rialachán Uimh. 31 \(CEE\), 11\(CEFA\), lena leagtar síos Rialachán Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach.](#)
  - [Cinneadh C\(2013\) 9049 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid](#)
- ## 4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?

Chun an oibríocht phróiseála sin a dhéanamh, bailíonn Aonad HR.DDG.B.1 na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

- Sonraí pearsanta (e.g. sonraí lenar féidir iarrthóirí a shainaithint agus lenar féidir dul i dteagmháil leo): sloinne, céadainm, dáta breithe, inscne, náisiúntacht, seoladh baile, seoladh ríomhphoist, ainm agus uimhir ghutháin duine teagmhála le húsáid mura bhfuil teacht ar an iarrthóir.
- Eolas a sholáthraíonn iarrthóirí i gcomhréir leis an nglao ar léiriú spéise chun a mheasúnú an bhfuil siad oiriúnach don phróifíl atáthar a lorg ann (iarratas, curriculum vitae agus doiciméid tacaíochta, go háirithe dioplómaí agus taithí oibre).
- Tugtar eolas ar leith do gach iarrthóir faoi chéimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

Tá sé éigeantach sonraí pearsanta a sholáthar chun na ceanglais le haghaidh earcú a chomhlíonadh a leagtar síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach. Mura soláthróidh tú do shonraí pearsanta, is féidir nach mbeidh cead isteach agat ar chéim an réamhroghnúcháin nó ar chéim an roghnúcháin dá bhrí sin.

### **5. Cá fhad a choinneoidimid do shonraí pearsanta?**

Ní choinníonn an Coimisiún Eorpach do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, mar seo a leanas:

- coinníonn an t-aonad HR.DDG.B1 comhaid na n-iarrthóirí ar éirigh leo go dtí go n-earcaíonn an Coimisiún iad. A luaithe agus a earcaítear iad, scriostar na comhaid roghnúcháin agus cuirtear comhaid phearsanta ina n-ionad.
- I gcás iarrthóirí ar éirigh leo ach nach n-earcaítear, coinníonn an t-aonad HR.DDG.B1 a gcomhaid roghnúcháin ar feadh cúig bliana tar éis deireadh a theacht leis an bpróiseas roghnúcháin.
- Coinníonn an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándaíl agus na hArd-Stiúrthóireachtaí rannpháirteacha gach comhad roghnúcháin eile go dtí go dtéann an sprioc-am achomhairc in éag tar éis fhoilsiú liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo (nó go dtí go dtugtar i crích, trí chinneadh deiridh a thabhairt, aon nósanna imeachta réamhdhlíthíochta nó dlíthíochta a thagann ina dhiaidh).

### **6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte etc.) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Déantar na hoibríochtaí próiseála uile de bhun [Chinneadh \(AE, Euratom\) Uimh. 2017/46 ón gCoimisiún](#) an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise arna n-úsáid ag an gCoimisiún Eorpach.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá bearta iomchuí chun dul i ngleic leis an tslándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go ndéanfaí rochtain neamhúdaraithe orthu, ag cur san áireamh an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus na gcineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, tá cead rochtana ar na sonraí a theorannú do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

### **7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d'fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a fheidmiú agus do na baill foirne atá údaraithe de réir an phrionsabail “ar bhonn riachtanais eolais”. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe reachtúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Ní thabharfar an t-eolas a bhailimid d'aon tríú páirtí, seachas a mhéid is gá má éilítear sin de réir dlí agus chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

## **8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14 go 25) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, go háirithe an ceart chun do shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a léirsciosadh agus an ceart chun srian a chur ar phróiseáil do shonraí pearsanta. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála agus tá an ceart chun iniomparthacht sonraí agat.

Ní féidir athruithe a dhéanamh ar shonraí maidir le critéir incháilitheachta i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh. Maidir leis an gceart chun ceartúcháin, ní féidir é a fheidmiú i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh, a mhéid a d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar thoradh an roghnúcháin.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, próiseáil a dhéantar go dleathach de bhun Airteagal 5(1)(a).

Is féidir leat do chearta a fheidmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás easaontais, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidmiú i gcomhthéacs oibríocht phróiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairtí taifid mar a shonraítear faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

## **9. Sonraí teagmhála**

### **- An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí, Aonad HR.DDG.B.1 ag [HR-B1-GDPR@ec.europa.eu](mailto:HR-B1-GDPR@ec.europa.eu).

### **- Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ([DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu](mailto:DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu)) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

### **- An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) ([edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## **10. Tuilleadh eolais**

Foilsíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: <http://ec.europa.eu/dpo-register>.

Tá an oibríocht phróiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPO-1964-2/DPR-EC-01728.1- *Procédures de sélection d'agents temporaires organisées par la Commission pour des postes autres qu'encadrement ou conseil*.